


An obair leantach a ghabhann leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

- IN UIMHREACHA -



Conference
on the Future
of Europe

SÉANADH AGUS CÓIPCHEART

Ullmhaíodh an doiciméad seo d'Fheisirí agus d'fhoireann Pharlaimint na hEorpa, agus tá sé dírithe orthu, mar ábhar cúlra chun cabhrú leo ina gcuid oibre parlaimintí. Is é an t-údar/na húdair amháin atá freagrach as inneachar an doiciméid agus níor cheart glacadh leis gurb ionann aon tuairimí a nochtar ann agus seasamh oifigiúil na Parlaiminte. Údaraítear atáirgeadh agus aistriú chun críocha neamhthráchtála, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse agus go dtabharfar fógra roimh ré do Pharlaimint na hEorpa agus go seolfar cóip chuici. © An tAontas Eorpach, 2024.

*Chun teagmháil a dhéanamh leis an údar/na húdair, seol ríomhphost chuig: ifru@europarl.europa.eu
<https://conference-followup.europarl.europa.eu/ga/home>*

Forléargas

Tugtar forléargas comhdhlúite sa tuarascáil seo ar an obair leantach ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (CoFE). Ó 2021 go 2022, chuir an Chomhdháil samhail den daonlathas rannpháirtíochta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar fáil. D'fhostaigh sí 450 comhalta iomlánacha, agus ceithre phainéal saoránach le 800 saoránach a roghnaíodh go randamach ó gach Ballstát agus gach cúlra, chun conair an Aontais Eorpaigh amach anseo a shamhlú. Mar gheall ar an iarracht chomhchoiteann sin, tháinig 49 dtogra chun cinn, ina raibh 326 bheart shonracha thar naoi dtéama.

Sa Dearbhú Comhpháirteach a comhaontaíodh ag tús na Comhdhála, thug Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh cuireadh do shaoránaigh páirt a ghlacadh sa chomhrá, agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le todhchaí na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, gheall siad go comhpháirteach go n-éistfidís le muintir na hEorpa agus go ndéanfaidís obair leantach go pras ar na moltaí a rinne an Chomhdháil.

Na príomhthorthaí:

- **Rath ar an daonlathas rannpháirtíochta:** Faoi dheireadh reachtas na Parlaiminte in 2024, bhí 323 thionscnamh cur chun feidhme mar thoradh ar an obair leantach a rinne institiúidí an Aontais. Leis na tionscnaimh sin, idir thionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha, tugadh aghaidh ar 75 % de bhearta uile na Comhdhála, go hiomlán nó go páirteach. Tá beagnach trí cheathrú curtha i gcrích anois, gan ach dhá bhliain tar éis dheireadh na Comhdhála. Mar léiriú ar na hiarrachtaí comhbheartaithe chun gníomhaíochtaí beartais a dhéanamh de thograí na Comhdhála, léiríonn an toradh sin ról na Comhdhála mar bhealach nuálach chun rannpháirtíocht dhaonlathach na saoránach i gceapadh beartais an Aontais a eagrú. Leagtar béim ann freisin ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag uirlisí rannpháirtíochta in éineacht le struchtúir ionadaíocha daonlathais, chun idirphlé níos fearr a chumasú idir na saoránaigh agus gach leibhéal den cheapadh beartais.
- **Tá éagsúlacht san obair leantach de réir earnála - tá torthaí láidre sa *Gheilleagar*, san *Aeráid* agus san *Aontas Eorpach sa Domhan Mór* i gcodarsnacht le torthaí níos laige sa *Daonlathas* agus san *Oideachas*:** Bhí rátaí láidre cur chun feidhme ag téamaí na Comhdhála *an Geilleagar*, *an Aeráid* agus *an tAontas Eorpach sa Domhan Mór*, agus *an tSláinte* agus *Luachanna* ina dhiaidh sin. Léiríonn sé sin gur minic a tháinig smaointe na Comhdhála le chéile leis an gclár oibre polaitiúil níos ginearálta, go háirithe ag tacú le tionscadail an aistrithe ghlais agus dhigitigh, e.g. comhaid a bhaineann leis an gComhaontú Glas agus leis an tslándáil eacnamaíoch.

Níor cuireadh bearta comhdhála i réimsí *an Daonlathais* agus *an Oideachais* chun feidhme chomh maith céanna. D'fhéadfadh sé sin a bheith nasctha freisin leis an bhfíoras go n-éilíonn cuid acu athrú conartha chun é sin a dhéanamh, mar shampla chun curaclaim choiteanna uile-Aontais a bhunú maidir le hábhair áirithe nó chun siombailí cultúrtha Eorpacha níos oifigiúla a thabhairt isteach. Sna cásanna sin go léir, bheadh gá le teorainneacha struchtúracha in inniúlacht an Aontais a shárú, i.e. trí athchóirithe institiúideacha, chun bogadh ó mhianta áirithe na Comhdhála go gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, níor tugadh aghaidh fós ar roinnt bearta an-teibí nó an-sonrach.

- **Na bacainní - Athrú conartha agus athchóiriú institiúideach:** Ar an iomlán, meastar go bhfuil gá le hathruithe ar an gConradh chun 31 bheart Comhdhála a bhaint amach go hiomlán, agus go leor acu i réimsí *an Daonlathais* agus *an Oideachais*. Is mian le saoránaigh ní hamháin go ndéanadh an tAontas tuilleadh maidir le beartais áirithe, ach go ngníomhódh sé ar bhealach níos éifeachtúla ar an iomlán. De réir na sonraí, cé go bhfuil ceapadh beartas earnálach an Aontais á dhéanamh i gcomhréir le go leor beart de chuid na Comhdhála, níor glacadh leis na hiarrataí chun feidhmiú an Aontais a fheabhsú ar bhonn níos ginearálta (go fóill). Chuir Parlaimint na hEorpa tús le pléití maidir le hathbhreithniú ar na

Conarthaí, rud a spreag próiseas Airteagal 48 CAE le tograí mionsonraithe maidir le hathrú Conartha in dhá rún agus tuarascáil féintionscnaimh, ach tá torthaí nithiúla fós ar feitheamh.

Is féidir teacht ar fhaisnéis faoi chomhaid shonracha agus faoi bhearta na Comhdhála ag:

[Suíomh Gréasáin Leantach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa \(CoFE\)](#)

COFE - RATH AR AN DAONLATHAS RANPHÁIRTÍOCHTA


Léiríonn an obair leantach shubstantiúil atá tiomnaithe don Chomhdháil tiomantas Institiúidí an Aontais gníomhú de réir ábhair inní na saoránach. Tugadh aghaidh cheana féin ar thrí cheathrú de bhearta na Comhdhála, go hiomlán nó go páirteach, cé go bhféadfadh sé a bheith casta uaireanta measúnú a dhéanamh ar luach chur chun feidhme beartais ar leith agus a bheith faoi réir léirmhíniú. Fágann sé sin gur bealach nuálach agus cuiditheach í an Chomhdháil chun rannpháirtíocht na saoránach i gceapadh beartas an Aontais a eagrú.

San iomlán, faoin 31 Bealtaine 2024, sainaithníodh 323 thionscnamh cur chun feidhme mar thionscnaimh a bhaineann le toradh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa (CoFE).

Trí bhíthin na mbeart sin, tugadh aghaidh ar thrí cheathrú (75 %) de bhearta na Comhdhála (243 as 326). Ciallaíonn sé sin go bhfuil obair leantach ábhartha, iomlán nó pháirteach curtha i gcrích nó ar siúl faoi láthair. Os a choinne sin, níor tugadh aghaidh ar 25 % de bhearta na Comhdhála (83) ar chor ar bith (go fóill). Áirítear leis sin roinnt a éilíonn athrú Conartha chun iad a chur chun feidhme ina n-iomláine.


As an 323 thionscnamh san iomlán a sainaithníodh, is de chineál reachtach 185 thionscnamh agus is de chineál neamhreachtach 138 dtionscnamh (57 % vs 43 % faoi seach). Dhá bhliain tar éis dheireadh na Comhdhála, tá beagnach trí cheathrú de na tionscnaimh sin curtha i gcrích,

BEARTA COFE AR DÍRÍODH ORTHU
243/326 (75 %) bearta CoFE ar díríodh orthu
83/326 (25 %) bearta CoFE nár díríodh orthu



TIONSCNAIMH REACTACHA / TIONSCNAIMH NEAMHREACTACHA

Ba thionscnaimh reachtacha iad 185 de na 323 thionscnamh
Ba thionscnaimh neamhreachtach iad 138 de na 323 thionscnamh




Tá difríocht mhór idir líon na dtionscnamh cur chun feidhme idir na naoi dtéama Comhdhála. Is léir go ndearnadh obair leantach níos gníomhaí ar roinnt réimsí beartais ná ar réimsí eile.

- Is féidir teacht ar fhormhór na dtionscnamh leantach sna téamaí *an Geilleagar* (153 thionscnamh), *an Aeráid* (111 thionscnamh) agus *An tAontas Eorpach sa Domhan Mór* (86 thionscnamh).
- Bhí an líon is lú tionscnaimh leantacha san *Imirce* (23 thionscnamh), san *Oideachas* (25 thionscnamh) agus sa *Daonlathas* (16 thionscnamh).

Léirítear sa chéad ghráf eile cé mhéad tionscnamh cur chun feidhme atá ann de réir téama, agus an chaoi a


bhfuil sé sin i gcomparáid le líon bhearta na Comhdhála.(D'fhéadfadh roinnt difríochtaí a bheith ann freisin mar gheall ar an gcaoi a ndearnadh togra tosaigh na Comhdhála a struchtúru).




N.b.: Sa ghráf seo, tá níos mó ná 323 thionscnamh san iomlán. Déantar gach tionscnamh a chomhaireamh aon uair amháin i ngach téama ar féidir leis a bheith bainteach leis.

Nósanna imeachta curtha i gcrích (amhail ón 31 Bealtaine 2024)

Ag deireadh reachtas na Parlaiminte, as an 323 thionscnamh cur chun feidhme san iomlán, bhí 238 nós imeachta curtha i gcrích (74%). I gcomparáid leis sin, bhí 85 nós imeachta fós ar siúl (26%). Arís, tá na torthaí seo níos caolchúisí ag brath ar gach téama Comhdhála. Is asluiteach é téama *an Oideachais* agus 92% de na tionscnaimh atá curtha i gcrích ag gabháil leis, agus is de chineál neamhreachtach a bhformhór mór.



238/323 nós imeachta curtha i gcrích
85/323 nós imeachta gan a bheith curtha i gcrích



D'fhéadfaí leanúint le cuid de na nósanna imeachta nach bhfuil curtha i gcrích sa chéad reachtas eile. Ghlac an


Pharlaimint seasaimh ar an gcéad léamh maidir le roinnt de na comhaid sin atá fós gan réiteach. Maidir leis na cinn eile, bheadh ar an bParlaimint nua cinneadh a dhéanamh maidir lena seasamh tar éis di teacht le chéile arís i mí Iúil 2024.

TORTHAÍ LEANTACHA ATÁ ÉAGSÚIL DE RÉIR EARNÁLA: LÁIDIR MAIDIR LEIS AN NGEILLEAGAR, LEIS AN AERÁID AGUS AN LEIS AN AONTAS EORPACH SA DOMHAN MÓR - NÍOS LAIGE MAIDIR LEIS AN DAONLATHAS AGUS LEIS AN OIDEACHAS

Tugadh aghaidh ar go leor téamaí Comhdhála amhail *an Geilleagar, an Aeráid agus an tAontas Eorpach sa Domhan Mór*, chun tacú le clár oibre an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus *an tSláinte agus Luachanna ina dhiaidh sin*. Tá níos mó dúshlán fós ann i réimsí *an Daonlathais agus an Oideachais*. (Is féidir sonraí faoi gach téama a fháil san iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.)

Agus súil níos géire á tabhairt ar gach ceann de na naoi dtéama Comhdhála, faightear roinnt réimsí arb iad na réimsí ‘is gníomhaí’ iad: Is iad *an Geilleagar, an Aeráid agus an tAontas Eorpach sa Domhan Mór* is cúis leis an líon is airde tionscnaimh cur chun feidhme, leis an líon is airde bearta de chuid na Comhdhála ar tugadh aghaidh orthu, agus le formhór na nósanna imeachta a tugadh i gcrích cheana féin.


Is iad *an Imirce, an tOideachas agus an Daonlathas* na réimsí is lú gníomhaíocht, leis an líon is lú tionscnaimh cur chun feidhme agus an líon is lú bearta Comhdhála ar tugadh aghaidh orthu.



Tá *an Aeráid agus an Geilleagar* ar chuid de na bearta Comhdhála is mó ar tugadh aghaidh orthu, agus cúis amháin a d’fhéadfadh a bheith leis sin ná go bhfuil go leor beartais idirnasctha agus trasearnála iontu. Áirítear orthu sin, e.g. beartais a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach nó leis an tslándáil eacnamaíoch. Thacaigh an Chomhdháil le héilimh ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua, agus d’áitigh sí ag an am céanna gur gá comhbhabhtálacha eacnamaíocha agus sóisialta ábhartha a choinneáil i gcuimhne.

Tá 83 bheart COFE nár tugadh aghaidh orthu. Mar a léirítear sa ghraf, tarlaíonn an chuid is mó de na 'bearnaí' i réimsí *an Daonlathais* (20 bheart CoFE nár tugadh aghaidh orthu); *An tOideachas* (11 nár tugadh aghaidh orthu), *an tAontas Eorpach sa Domhan Mór* (12 nár tugadh aghaidh orthu) agus *Luachanna* (7 nár tugadh aghaidh orthu).

I gcodarsnacht leis sin, is iad na réimsí ina bhfuil an líon is lú bearnaí cur chun feidhme *an Geilleagar* (5 bheart CoFE nár tugadh aghaidh orthu), *an Aeráid* (6 nár tugadh aghaidh orthu) agus *an tSláinte*



(7 nár tugadh aghaidh orthu).


NA BACAINNÍ: ATHRÚ CONARTHA AGUS ATHCHÓIRIÚ INSTITIÚIDEACH

Baineann 31 bheart de chuid na Comhdhála le hathrú Conartha chun iad a chur chun feidhme ina n-iomláine. Chun bogadh ó thoilmhianta áirithe na Comhdhála go gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais - go háirithe i dtéamaí *an Daonlathais* agus *an Oideachais* - bheadh gá le roinnt teorainneacha in inniúlacht an Aontais a shárú, go háirithe trí athchóirithe institiúideacha. Cé go bhfuil tús curtha ag Parlaimint na hEorpa leis an bpróiseas le haghaidh athbhreithnithe conartha, tá torthaí nithiúla fós ar feitheamh.

Sa Chomhdháil, dhírigh na saoránaigh ar thorthaí inmhianaithe beartais a shainaithe, seachas ar na sásraí chun iad a bhaint amach. Chuirge sin, chuirfidís de chúram ar na reachtóirí agus ar lucht ceaptha beartas, go háirithe a n-ionadaithe tofa. Dá bhrí sin, níl athrú Conartha ag teastáil go sainráite ach i roinnt bearta Comhdhála: (8(3), 10(3) agus 25(4)).

Aithníodh le 31 bheart na Comhdhála go mbeadh gá le hathrú Conartha go hintuigthe chun iad a chur chun feidhme go hiomlán. Is iad *an Daonlathas*, *an Geilleagar* agus *an tSláinte*, ach *Luachanna* agus *Oideachas* freisin, na réimsí téamacha is mó a mbaineann sé sin leo. I gcás na saoránach, d'fhéadfadh beartais maidir le sláinte, fuinneamh, oideachas agus gnóthaí eachtracha tairbhiú de 'lorg níos láidre AE' a bheith iontu. Áirítear leis sin tuilleadh cinntí sna hearnálacha sin a dhéanamh go comhpháirteach ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí thiomlath cáilithe, nó trí chaighdeán uile-Aontais a bhunú. Is é is aidhm do bhearta eile curaclaim chomhpháirteacha nó éigeantacha a thabhairt isteach ar scoil, e.g. maidir le bia sláintiúil nó bithéagsúlacht nó oideachas níos fearr ar an Aontas, a stair agus a lánpháirtíú. Tá sé d'aidhm ag Ballstáit eile fós beartais shóisialta an Aontais a neartú agus córas an Smachta Reachta a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

Líon na mbeart atá aitheanta a éilíonn athrú Conartha chun é a chur chun feidhme go hiomlán (in aghaidh an limistéir)



Réimse	Bearta arna sainiú a bheith ina mbearta a éilíonn athrú Conartha chun é a chur chun feidhme ina iomláine	
	Líon na mbeart	Tagairt an bhirt
An Aeráid	1	6(6)
An tSláinte	3	8(3); 10(1), (3)
An Geilleagar	7	12(21); 13(5); 14(1), (4); 15(5), (8); 16(5)
An tAontas Eorpach sa Domhan Mór	2	21(1), (3)
Luachanna	3	25(4); 27(4); 29(5)
Digiteach	2	32(1), (2)
An Daonlathas	10	37(1), (6); 38(2), (4); 39(1), (3), (6), (7); 40(2), (3)
An Imirce	0	--
An tOideachas	3	46(1); 48(2), (3)

IARSCRÍBHINN

STAID REATHA DE RÉIR RÉIMSE TEAMACH NA COMHDHÁLA

(1) Aeráid

(2) Sláinte

(3) Geilleagar

(4) An tAontas Eorpach sa Domhan Mór

(5) Luachanna

(6) Digiteach

(7) Daonlathas

(8) Imirce

(9) Oideachas

1) AERÁID

(‘An t-athrú aeráide agus an comhshaol’)

Obair leantach foriomlán: Maidir le hAERÁID, ghlac Cruinniú Iomlánach na Comhdhála 7 dtogra agus iad roinnte ina 57 mbeart. Dírítear sna tograí, faoi seach, ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht a chaomhnú; maidir le bia orgánach agus leas ainmhithe a chur chun cinn mar aon le slándáil bia, chomh maith le dlús a chur leis an aistriú glas - go háirithe maidir le soláthar agus iompar fuinnimh - agus maidir le haghaidh a thabhairt ar a chostais shóisialta.

Tá obair leantach an-mhaith déanta ar an téama, agus díríodh ar 51 as 57 (89 %) de bhearta gaolmhara na Comhdhála. Ina theannta sin, is iad na 5 bearta AERÁIDE is mó a ndírítear orthu ar an iomlán, i.e. leis an líon is airde tionscnamh leantach taifeadta. Is tionscnaimh reachtacha iad thart ar 60 % de na tionscnaimh cur chun feidhme agus tá formhór na nósanna imeachta críochnaithe cheana féin. Tá roinnt comhaid ríthábhachtacha nach bhfuil críochnaithe fós, áfach, amhail athchóiriú na rialacha maidir le lotnaidicídí.

Bearta Sonracha de chuid na Comhdhála: Díríonn bearta na Comhdhála is fearr a chumhdaítear le clár oibre beartais an Aontais ar an aistriú glas, ar an talmhaíocht, ar fhoinsí in-athnuaite agus ar an ngeilleagar ciorclach. D’fhreagair suas le 13 thionscnamh do ghlaio na saoránach an t-aistriú glas a bhaint amach agus, nuair is féidir, dlús a chur leis, go háirithe trí infheistíochtaí i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh, chun spleáchais sheachtracha a laghdú (3(1)) agus 3(3)). Cumhdaíodh 14 thionscnamh cur chun feidhme eile foinsí uisce a chosaint agus truailliú abhann agus aigéin a chomhrac (2(7)). Idir an dá linn, díríodh ar 9 dtionscnamh, e.g. an beart chun coincheap an gheilleagair ghlais agus ghoirm a thabhairt chun cinn, trí thalmhaíocht agus iascach éifeachtach atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur chun cinn agus táirgiúlacht agus slándáil bia á ráthú ag an am céanna (1(1)) chomh maith le caighdeáin táirgthe níos déine agus comhchuibhithe laistigh den Aontas mar aon le córas lipéadaithe trédhearcach do gach táirge a dhíoltar, agus Pas Táirge Digiteach á úsáid (5(1)).

I gcomparáid leis sin, níl ach 6 as 57 (11%) beart nár díríodh orthu. Tá sé seo íseal i gcomparáid le téamaí eile. Baineann na bearnaí le scagairí éigeantacha CO₂ (3(7)) a thabhairt isteach agus le deireadh iomlán a chur de réir a chéile, tar éis idirthréimhse, le fóirdheontais do bhreosláí iontaise (3(10)); teorainneacha ar fhógraíocht maidir le táirgí a dhéanann damáiste don chomhshaol (5(12)); do chairt choiteann AE maidir le saincheisteanna comhshaoil (6(4)); táirgeadh bia agus bithéagsúlacht mar chuid den oideachas (6(7)) agus chun aiste bia atá bunaithe ar phlandaí a chur chun cinn (6(8)).

Athrú Conartha: Chun beart amháin a dhéanamh in AERÁID, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na Conarthaí chun iad a chur chun feidhme ina n-iomláine. Le beart 6(6), moltar, *inter alia*, machnamh a dhéanamh ar bhithéagsúlacht a bheith mar ábhar éigeantach ar scoil. Cé nár díríodh ar an nglao sin, tá codanna eile den beart maidir le ‘feasacht a mhúscailt’ agus ‘oideachas ar bhia agus ar an mbithéagsúlacht a chur ar fáil’ á gcumhdach go pointe áirithe sa ‘Mholadh ón gComhairle maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe’.


Bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ar díríodh orthu vs bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa nár díríodh orthu

Díríodh ar 51 bheart as 57 mbeart
Níor díríodh ar 6 bheart as 57 mbeart



neamhreachtacha

Is tionscnaimh reachtacha iad 67 thionscnamh as 111 thionscnamh
Is tionscnaimh neamhreachtacha iad 44 thionscnamh as 111 thionscnamh



RÁTA CRÍOCHNÚCHÁIN NA DTIONSCNAMH CUR CHUN FEIDHME



2) SLÁINTE

Obair leantach foriomlán: **Ghlac Cruinniú Iomlánach na Comhdhála 4 thogra maidir leis an téama SLÁINTE ina bhfuil 24 bheart.** Dírítear sna tograí ar bhia sláintiúil agus ar stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn; an córas cúraim sláinte a atreisiú; tuiscint níos leithne ar an tsláinte agus rochtain chomhionann ar an tsláinte do chách, trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar Aontas Sláinte na hEorpa agus leas a bhaint as. Tríd is tríd, iarrann siad go ndéanfaí ‘níos mó den Eoraip’ i réimse na sláinte, rud a léiríonn freisin achainí go ndéanfaí gníomhaíocht níos comhordaithe ar fud an Aontais mar fhreagairt ar dhúshláin ghéarchéim phaindéim COVID-19.

Is téama gníomhach é SLÁINTE a bhfuil obair leantach réasúnta maith déanta air, agus díriodh ar 17 as 24 (71%) bhearta sa théama. Is fiú a thabhairt faoi deara gur tionscnaimh reachtacha iad 16 cinn de na 36 (44%) tionscnamh cur chun feidhme, i bhfianaise chumhachtaí teoranta an Aontais sa réimse sin, agus nach bhfuil ach 17% de na nósanna imeachta tugtha chun críche go fóill. Dá bhrí sin, thug reachtóirí Eorpacha aird ar an nglao faoi bheart 10(3) chun ‘Aontas Sláinte na hEorpa a fheabhsú agus leas á bhaint as acmhainneacht iomlán an chreata reatha’.

Bearta sonracha de chuid na Comhdhála: Go háirithe, is ceann de na bearta is mó é beart 8(3) a ndíríodh air in SLÁINTE (10 n-uaire).


Is é is aidhm don chéad abairt ann *‘uathriail straitéiseach a áirithiú ar leibhéal an Aontais chun spleáchas ar thríú tíortha ar chógais (go háirithe comhábhair ghníomhacha) agus ar fheistí leighis (lena n-áirítear amhábhair) a sheachaint; ba cheart, go háirithe, liosta de chógais agus de chóireálacha nuálacha (amhail réitigh bhiteicneolaíochta) atá riachtanach agus tosaíochta a bhunú ar leibhéal an Aontais ag brath ar ghníomhaireachtaí Eorpacha atá ann cheana agus ar HERA, chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil do shaoránaigh. Machnamh a dhéanamh ar stoc-charnadh straitéiseach comhordaithe a eagrú ar fud an Aontais. Chun an ghníomhaíocht chomhordaithe fhadtéarmach is gá a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, áirítear sláinte agus cúram sláinte i measc na n-inniúlachtaí comhroinnte idir an tAontas agus Ballstáit an Aontais trí Airteagal 4 CFAE a leasú.* Díríodh ar an gcuid sin go minic, ach níor díriodh ar an dara habairt ina n-iarrtar go mbeadh an tsláinte i measc na n-inniúlachtaí comhroinnte- a éilíonn athrú Conartha.

Níor díriodh fós ar bheagnach aon trian, nó 7 as 24 (29%) de bhearta na Comhdhála in SLÁINTE, lena n-áirítear tuilleadh tacaíochta do bhia sláintiúil i mbunaíochtaí poiblí (7(4)); infheistiú sna córais sláinte (8(5)); clár caighdeánach AE maidir le hoideachas sláinte a chruthú, lena n-áirítear oideachas gnéis (9(2)) agus cúrsaí garchabhrach a fhorbairt do gach saoránach saor in aisce (9(3)). Baineann cinn eile le leathnú tionscnamh na seachtaine sláinte, ag tosú leis an mbliain maidir leis an meabhairshláinte (9(4)) (cé gur ghlac an Coimisiún ‘Straitéis nua maidir leis an meabhairshláinte’); inacmhainneacht an chúraim a áirithiú, go háirithe cúram fiacloireachta (10(5)) agus cúram fiacloireachta saor in aisce a mholadh le haghaidh leanaí (10(7)).

Athrú Conartha: Tá trí bheart Comhdhála in SLÁINTE (8(3), 10(1), 10(3)), rud a d’éileodh athrú Conartha chun é a chur chun feidhme ina iomláine. Iarrtar leo sin ‘fóschaighdeáin chomhchoiteanna sláinte’ agus cistiú gaolmhar (10(1)) agus go n-áireofaí sláinte agus cúram sláinte i measc na n-inniúlachtaí comhroinnte idir an tAontas agus Ballstáit an Aontais trí Airteagal 4 CFAE a leasú (8(3), 10(3)-an dara cuid).


Bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa a ndírítear orthu vs bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa nach ndírítear orthu

Dírítear ar 17 beart as 24 bheartNí dhírítear ar 7 beart as 24 bheart



Tionscnaimh reachtacha vs tionscnaimh neamhreachtacha

Is tionscnaimh reachtacha iad 16 de na 36 tionscnamh - Is tionscnaimh neamhreachtacha iad 20 de na 36 tionscnamh



RÁTA CRÍOCHNÚCHÁIN NA DTIONSCNAMH CUR CHUN FEIDHME



GEILLEAGAR

('Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist')

Obair leantach foriomlán: Is é GEILLEAGAR an téama leis an gcuid is mó de bhearta na Comhdhála, eadhon, 60 beart roinnte ina 6 thogra. Dírítear sna tograí ar an bhfás inbhuanaithe agus ar an nuálaíocht; maidir le hiomaíochas an Aontais a fheabhsú agus an Margadh Aonair a dhoimhniú, agus dírítear ar na margaí saothair cuimsitheacha, ar bheartais shóisialta níos láidre (go háirithe tríd an gColún Eorpach Sóisialta a chur chun feidhme) agus ar an aistriú déimeagrafach. Dírítear ar bheartais fhioscacha agus chánach sa chuid dheireanach.

Tá ráta ard leantach de 92 % ag GEILLEAGAR, agus tá aghaidh á tabhairt ar thart ar 153 thionscnamh cur chun feidhme agus ar 55 cinn dá bhearta.

Bearta Sonracha de chuid na Comhdhála: Ní haon ionadh é go n-áirítear sa roinn roinnt de na bearta Comhdhála is mó a ndírítear orthu, rud a léiríonn forluí áirithe idir ábhair imní na saoránach agus freagairt bheartais an Aontais ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus saincheisteanna soláthair agus slándála gaolmhara. Áirítear orthu sin, e.g. bearta éagsúla maidir le spleáchas an Aontais ar ghníomhaithe eachtracha in earnálacha atá straitéiseach go heacnamaíoch a laghdú (17(1), (3) agus (7)), go háirithe maidir le fuinneamh (11(7), 18(2)). **Is é an beart Comhdhála aonair is minice a ndírítear air ná 11(1)** maidir le próisis táirgthe níos glaise a chur chun cinn trí dhreasachtaí diúltacha agus dearfacha a chur ar fáil agus trí tháirgeadh agus tomhaltas áitiúil a mhéadú. Is cuid de 26 thionscnamh cur chun feidhme éagsúla é sin. Léirítear i 21 thionscnamh beart **12(12)** maidir le haghaidh a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair, go háirithe trí ionchur a éagsúlú agus trí mhonarú príomhearraí san Eoraip a mhéadú, amhail sláinte, bia, fuinneamh, cosaint agus iompar).


Níl ach cúpla beart nár díriodh orthu in GEILLEAGAR. Áirítear orthu sin 'seiceáil iomaíochais AE' éigeantach (12(21)) agus, faoi 'bheartais shóisialta níos láidre', roinnt glaonna níos teibí gan cur isteach ar chearta leasa (14(2)); rochtain ar sheirbhísí leighis a dheonú do gach duine faoi bhun 16 bliana d'aois ar fud an Aontais (14(4)) agus costais chomhroinnte a dheonú do thithíocht (14(5)).

Athrú Conartha: Tá 7 mbeart sainaitheanta ag an nGEILLEAGAR mar bhearta a éilíonn athrú Conartha chun é a chur chun feidhme go hiomlán. Beart 12(21) maidir le seiceálacha iomaíochais éigeantacha agus bunú 'comhlachta iomaíochais', agus beart 14(4) maidir le rochtain ar sheirbhísí leighis a dheonú ar fud an Aontais do gach duine faoi bhun 16 bliana d'aois, sa chás nach bhfuil na seirbhísí sin ar fáil sa chomhthéacs náisiúnta. Níor díriodh ar bhearta eile ach amháin sna codanna nach n-éilíonn athrú Conartha, amhail beart 13(5) maidir le 'prótacal maidir le dul chun cinn sóisialta a chur leis na Conarthaí', nó 15(8) maidir le 'cúram sóisialta agus sláinte iomchuí a ráthú do dhaoine scothaosta', a fhanann le hinniúlachtaí na mBallstát.

Bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ar díriodh orthu vs bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa nár díriodh orthu


Díríodh ar 55 beart as 60 beart

Níor díriodh ar 5 beart as 60 beart



Tionscnaimh reachtacha vs tionscnaimh neamhreachtacha

Ba tionscnaimh reachtacha iad 95 de na 153 thionscnamh - Ba tionscnaimh neamhreachtacha iad 58 de na 153 thionscnamh



RÁTA CRÍOCHNÚCHÁIN NA DTIONSCNAMH CUR CHUN FEIDHME



4) AN tAONTAS EORPACH SA DOMHAN MÓR

Obair leantach foriomlán: Tá 48 mbeart san iomlán i gceist le téama an Aontais sa domhan mór, agus iad roinnte in 8 dtogra. Tugann siad sin aghaidh ar raon leathan saincheisteanna a bhaineann le gnóthaí eachtracha, trádáil idirnáisiúnta, agus slándáil agus cosaint. I ngnóthaí eachtracha, díríodh ar spleáchais ar thríú tíortha, agus moltar athruithe ar chinnteoireacht an Aontais, amhail vótáil trí thromlach cáilithe agus ról an Ardionadaí a fheabhsú. I réimse na cosanta agus na slándála, éilítear sna tograí comhphlé a chur chun cinn agus síocháin a ráthú, le, mar shampla, fórsa armtha an Aontais a bheadh le húsáid don fhéinchosaint agus chun teacht roimh ghníomhaíocht mhíleata. Maidir le trádáil, moltar sna tograí slabhraí soláthair a éagsúlú chun neamhspleáchas na hEorpa i bpríomhearnálacha a neartú, chomh maith le hardchaighdeán eiticíúla agus chomhshaoil a leagan síos i gcomhaontuithe trádála.

Is tionscnaimh reachtacha iad thart ar leath de na tionscnaimh cur chun feidhme sa réimse sin. D'fhéadfaí é sin a mheas mar ráta ard i ngnóthaí eachtracha, agus is féidir é sin a mhíniú leis an líon ard tionscnamh digiteach, fuinnimh agus athraithe aeráide faoin téama seo. Ní raibh roinnt nósanna imeachta curtha i gcrích agus an tuarascáil seo á scríobh, rud a d'fhág go raibh 21% de na tionscnaimh fós ar bun. Teachtaireachtaí Comhpháirteacha is mó atá i leath neamhreachtach na dtionscnamh, ina leagtar amach straitéisí earnála uileghabhálacha sonracha.

Bearta Sonracha de chuid na Comhdhála: Agus ag díriú ar 75% dá bhearta, tá AN tAONTAS SA DOMHAN MÓR ar cheann de na réimsí is mó a ndírítear orthu ag an gComhdháil. Den chuid is mó, moltar sna bearta ar díriodh orthu feabhsuithe maidir le spleáchas fuinnimh, slándáil an tsoláthair, trádáil eachtrach a nascadh le saincheisteanna comhshaoil agus eiticíúla, agus beartais trádála ghinearálta. Tagann na bearta nár díriodh orthu den chuid is mó faoi chatagóir na n-athruithe ar chinnteoireacht (VTC sa bheartas eachtrach agus san Ardionadaí), naisc le saoránaigh (trédhearcacht, rannpháirtíocht), agus oideachas.


Tá roinnt beart nár díriodh orthu de chineál teibí, e.g. *'tacaíocht iomlán [...] do shaoránaigh a roghnaíonn páirt a ghlacadh sa tsochaí shibhialta eagraithe'* (22(2)), rud a fhágann go bhfuil sé níos casta nascadh le tionscnaimh. Maidir le comhaontuithe eile, amhail *'comhaontuithe trádála a tugadh i gcrích le déanaí a dhaingniú'* (21(5)), ní bhaineann siad le hobair leantach ar leibhéal an Aontais, ach leis na Ballstáit.

Athrú Conartha: Éilítear le dhá bheart na conarthaí a leasú, eadhon *'CBES atá le cinneadh le vótáil trí thromlach cáilithe'* (21(1)), agus *'ról neartaithe don Ardionadaí'* (21(3)). Is léir nár díriodh fós ar an dá bheart sin.

**Bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa
ar díriodh orthu vs bearta sin na Comhdhála
ar Thodhchaí na hEorpa nár díriodh orthu**

Díriodh ar 36 bheart as 48 mbeart
Níor díriodh ar 12 bheart as 48 mbeart

**AN TAONTAS EORPACH SA
DOMHAN MÓR**




**Tionscnaimh reachtacha vs
tionscnaimh neamhreachtacha**

Is tionscnaimh reachtacha iad 45 thionscnamh de na 86 thionscnamh

Is tionscnaimh neamhreachtacha iad 41 thionscnamh de na 86 thionscnamh

**AN TAONTAS EORPACH SA
DOMHAN MÓR**



RÁTA CRÍOCHNÚCHÁIN NA DTIONSCNAMH CUR CHUN FEIDHME



5) LUACHANNA

(‘Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil’)

Obair leantach foriomlán: Cuimsíonn an téama ‘LUACHANNA’ réimse an-éagsúil de 6 thogra arb é atá iontu ná 24 bheart. Cuimsíonn siad sin an smacht reachta, luachanna daonlathacha agus an fhéiniúlacht Eorpach; cosaint sonraí; Na meáin, Bréagnuacht agus Cibearshlándaíl; Frith-idirdhealú, Comhionannas agus Cáilíocht saoil agus Cearta ainmhithe agus Talmhaíocht.

Tá ról suntasach ag an reachtaíocht sa réimse seo, agus **19 mbeart den 31 bheart ina mbearta reachtacha (61%)**, agus an 12 bheart eile ina mbearta neamhreachtacha (39%). Thairis sin, tá 71 % de na bearta reachtacha tugtha chun críche, agus is gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i leith 29 % díobh.


Bearta sonracha de chuid na Comhdhála: Níor díriodh ar roinnt beart go fóill, ar bearta iad a bhaineann le príomhábhair nach mór, ó thaobh na saoránach de, aird níos mó a thabhairt orthu. Áirítear orthu sin **treisiú le cur chun feidhme luachanna an Aontais agus Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (25(1), (3), (4)); dlíthe cosanta sonraí trína ndírítear ar mhionaoisigh (26(3), (4)); comhlacht de chuid an Aontais a chruthú a dhíreodh ar bhréagaisnéis agus ar sheiceáil fíricí (27(3)), agus pionóis airgeadais a leagan síos i leith tionchar ar an gcomhshaol (30(2)).**

Athrú Conartha: Aithníodh gur gá, i leith trí bheart, athbhreithniú a dhéanamh ar na Conarthaí chun iad a chur chun feidhme ina n-iomláine (25(4); 27(4); 29(5)). Luaitear le dhá cheann acu sin, eadhon (27(4) agus 29(5)), nár díriodh ach ‘go páirteach’ orthu. Éilítear leo go ndéanfaí beartais agus caighdeáin éigeantacha de bheartais agus caighdeáin maidir le litearthacht na saoránach sna meáin agus feasacht na saoránach ar bhréagaisnéis agus ar scaipeadh neamhbheartaithe bréagnuachta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí oiliúint scoile éigeantach. Leis an dara beart, iarrtar go gcruthófaí agus go n-éascófaí naíscoileanna inacmhainne, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, agus go mbeadh cúram leanaí saor in aisce ann dóibh siúd atá ina ghátar.

Tá sé d’aidhm ag beart 25(4), nár díriodh air, treisiú le córas an smachta reachta, agus luaitear an méid seo a leanas ann: ‘ba cheart aon bhealaí dlíthiúla is gá, lena n-áirítear athruithe ar na Conarthaí, a bhreithniú chun sáruithe ar an smacht reachta a phionósú’.


Bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ar díriodh orthu vs bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa nár díriodh orthu

Díríodh ar 17 mbeart de na 24 bheart níor díriodh ar 7 mbeart de na 24 bheart



Tionscnaimh reachtacha vs tionscnaimh neamhreachtacha

19 dtionscnaimh den 31 tionscnaimh ina dtionscnaimh reachtacha 12 tionscnaimh den 31 tionscnaimh ina dtionscnaimh neamhreachtacha



RÁTA CRÍOCHNÚCHÁIN NA DTIONSCNAMH CUR CHUN FEIDHME



6) DIGITEACH (‘Claochlú digiteach’)

Obair leantach foriomlán: Faoi ‘DIGITEACH’, formheasadh, le linn Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, **5 thogra** ina raibh **40 beart** san iomlán. Sna tograí, díreáir ar rochtain a thabhairt do na saoránaigh ar bhonneagar digiteach agus ar na scileanna i gcomhair claochlú digiteach rathúil. Ba cheart an tsochaí dhigiteach a bheith sábháilte agus iontaofa freisin agus ba cheart ardleibhéil cosanta sonraí a áirithiú inti. Cuirtear tuilleadh béime ar an nuálaíocht dhigiteach agus ar conas a d’fhéadfadh sí cuidiú leis an ngeilleagar sóisialta agus inbhuanaithe a neartú.

Díreáir ar bhearta na Comhdhála **trí 66 thionscnamh cur chun feidhme**, a bhfuil **62% acu ina dtionscnaimh reachtacha**. Tá an ráta críochnúcháin an-ard, agus **85 % de na tionscnaimh tugtha chun críche** agus roinnt comhad den 15 % eile i dtánaiste do bheith tugtha chun críche.

Bearta sonracha de chuid na Comhdhála: Ós rud é gur díriodh ar thuairim is **75% de na bearta sa réimse seo**, luíonn ‘DIGITEACH’ le meán na Comhdhála. Tá beart 31(1) maidir le **hinfheistiú a dhéanamh i mbonneagar ardcháilíochta**, agus beart 35(7) maidir le **bonneagar a thógáil atá fothaithe ar luachanna Eorpacha**, i measc na mbeart is mó ar díriodh orthu. Ní hé amháin go bhfuiltear ag díriú ar fheabhas a chur ar an mbonneagar digiteach, ach, chomh maith leis sin, moltar luachanna Eorpacha agus aon rioscaí foluiteacha a chur i gcuntas, mar shampla san oideachas nó sa timpeallacht oibre. Tríd is tríd, is é an claonadh atá ann, áfach, díriú ar thimpeallacht dhigiteach chuimsitheach, dea-rialáilte, a chothú, atá oscailte, iomaíoch agus nuálach.

Tá **10 mbeart fós ann nár díriodh orthu** ((32(6); 33(6); 34(4), (5), (6), (8); 35(2), (4), (5), (11)). Leis na bearta sin, moltar go ndéanfaí gníomhaíochtaí sách sonracha maidir le hardáin dhigiteacha, tuilleadh tionscnaimh cosanta sonraí, agus iarrachtaí digiteála eile, a fhorbairt agus a chothú. Cé nach ndíreáir ar na bearta sin, toisc a shonraí nó a theibí atá siad, b’fhéidir, taibhsíonn sé go ndíreáir ar na réimsí beartais ar bhonn níos ginearálta agus, i gcásanna áirithe, go gcumhdaítear iad le bearta eile, comhchosúla, de chuid na Comhdhála.

Athrú Conartha: Éilíonn dhá bheart, eadhon (32(1), 32(2), go ndéanfaí athruithe ar na Conarthaí chun iad a chur chun feidhme ina n-iomláine. Moltar sa dá bheart go ndéanfaí comhoiriúnú, de shaghas éigin, ar churaclaim scoile agus teagasc scileanna, rud a d’fhágfadh go gcaithfí athruithe a dhéanamh ar na Conarthaí. Díriodh ar ghnéithe eile - nár ghá athruithe a dhéanamh ar na Conarthaí ina leith - leis na tionscnaimh thuasluaite.

Iad sin ar díriodh orthu vs iad sin nár díriodh orthu



30 nós imeachta as 40 nós imeachta tugtha i gcrích

10 nós imeachta as 40 nós imeachta gan a bheith tugtha i gcrích

Reachtach vs neamhreachtach

41 tionscnamh as 66 tionscnamh ina dtionscnaimh reachtacha

25 tionscnamh as 66 tionscnamh ina dtionscnaimh neamhreachtacha



RÁTA CRÍOCHNÚCHÁIN NA DTIONSCNAMH CUR CHUN FEIDHME



7) DAONLATHAS (‘An Daonlathas Eorpach’)

Obair leantach foriomlán: Le linn Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, formheasadh 5 thogra faoi ‘DAONLATHAS’ ina raibh 33 bheart san iomlán. Tá siad sin bunaithe ar cheithre phríomhchuspóir: treisiú leis an bhfaisnéis do shaoránaigh, leis an rannpháirtíocht, agus le rannpháirteachas na n-óg; an fhéiniúlacht Eorpach agus inrochtaineacht na n-institiúidí Eorpacha a neartú; daonlathas, próisis toghcháin agus coimhdeacht a chothú, agus sásraí cinnteoireachta an Aontais a athchóiriú.

I measc 33 bheart CoFE, díriodh ar 13 cinn acu (39 %). Níor díriodh ar 20 beart go fóill (61 %). Fágann sé sin gurb é ‘DAONLATHAS’ an réimse is lú a ndírítear air as measc réimsí uile na Comhdhála. As na 16 thionscnamh cur chun feidhme chomhfhreagracha, is tionscnaimh neamhrechtacha iad 63 % acu, agus is tionscnaimh reachtacha iad 37 % acu. Ag an am céanna, cé gur beag a líon, tá na tionscnaimh ar tugadh fúthu curtha i gcrích go paiteanta, agus 13 thionscnamh (81%) curtha i gcrích, agus gan ach trí thionscnamh ann atá fós le cur i gcrích.

Bearta sonracha de chuid na Comhdhála: I roinnt de na bearta nár díriodh orthu, cumhdaítear ábhair a bhaineann le trédhearcacht, amhail e.g. rannpháirtíocht na saoránach trí ardáin ar líne; trédhearcacht threisithe agus an t-oideachas a chaighdeánú sna Ballstáit uile. Tá sé d’aidhm ag sraith eile beart nár díriodh orthu breis rannpháirtíochta a chothú trí bhuanionóil saoránach, trí rannpháirtíocht na n-óg agus ról na sochaí sibhialta sa chinnteoireacht a neartú, trí reifrinn a thabhairt isteach ar fud an Aontais, agus freisin trí institiúidí AE a athainmniú chun iad a dhéanamh níos inrochtana do na saoránaigh. Díríonn sraith eile beart ar struchtúir pholaitiúla Eorpacha, lena n-áirítear an fhéiniúlacht Eorpach agus acmhainneachtaí cinnteoireachta a neartú, tús a chur le plé ar Bhunreacht Eorpach, agus fós aghaidh a thabhairt ar ábhair inní maidir leis an gcoimhdeacht.

Athrú Conartha: Tá 10 mbeart san iomlán ann faoi ‘DAONLATHAS’ ar ina leith is gá athruithe a dhéanamh ar na Conarthaí lena gcur chun feidhme ina n-iomláine: (37(1), 37(6), 38(2), 38(4), 39(1), 39(3), 39(6), 39(7), 40(2), 40(3)). Is bearna shoiléir é sin in obair leantach na Comhdhála; is gá leasuithe a dhéanamh ar na Conarthaí i gcás fhormhór na mbeart faoin téama seo nár díriodh orthu. Le roinnt de na bearta, iarrtar go mbeadh tuilleadh ceart ann do Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear an ceart tionscnaimh, an ceart chun cinneadh a dhéanamh faoi bhuiséad an Aontais agus an ceart chun reifreann uile-Aontais a thionscnamh. Le bearta eile, moltar go ndéanfadh na saoránaigh Uachtarán an Choimisiúin a thoghadh go díreach, nó go dtoghfaí an tUachtarán trí chóras príomhiarrthóirí, agus go ndéanfaí athrú ar an bpróiseas cinnteoireachta i dtreo is go n-úsáidfí vótáil trí thromlach cáilithe seachas aontoilíocht mar riail ghinearálta. **Togra ar leith is ea togra 39** toisc nár díriodh go fóill ar na seacht mbeart chomhfhreagracha uile maidir leis an gcinnteoireacht in institiúidí an Aontais.

Bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ar díriodh orthu vs bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa nár díriodh orthu

Díriodh ar 13 bheart as 33 bheart
Níor díriodh ar 20 beart as 33 bheart


Tionscnaimh reachtacha vs tionscnaimh neamhreachtacha

6 thionscnamh as na 16 thionscnamh ina dtionscnaimh reachtacha
10 dtionscnamh as na 16 thionscnamh ina dtionscnaimh neamhreachtacha

DAONLATHAS



DAONLATHAS



81 %

19 %

RÁTA CRÍOCHNÚCHÁIN NA DTIONSCNAMH CUR CHUN FEIDHME

8) IMIRCE

Obair leantach foriomlán: i gcás 'IMIRCE', formheasadh, le linn Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, 5 thogra ina raibh 16 bheart san iomlán. Tá siad sin bunaithe ar thrí phríomhréimse: imirce dhleathach, imirce neamhrialta, agus tearmann agus imeascadh. D'ainneoin (nó toisc, b'fhéidir) an imirce a bheith ar cheann de na réimsí beartais is conspóidí ó thaobh an Aontais de le blianta beaga anuas, ba é toradh na Comhdhála é iarracht a dhéanamh ar chlár oibre Eorpach combheartaithe uailmhianach a leagan síos i leith an ábhair.


Rinneadh obair leantach i leith 11 bheart de chuid na Comhdhála as 16 bheart de chuid na Comhdhála (69%) trí bhíthin tionscnaimh cur chun feidhme shonracha, rud a fhágann gurb é 'IMIRCE' an tríú beart is lú a ndírítear air i ndiaidh 'DAONLATHAS' agus 'OIDEACHAS'. Tá 17 dtionscnamh cur chun feidhme as 23 thionscnamh cur chun feidhme curtha i gcrích (74%), agus tá na 6 thionscnamh (26%) eile fós le cur i gcrích.

Bearta sonracha de chuid na Comhdhála: Glacadh roinnt tionscnamh le fóirdhéanaí, i mBealtaine 2024, mar chodanna lárnacha de Chomhshocrú Nua 2020 maidir le hImirce agus maidir le Tearmann. Leis na Rialacháin nua maidir le Tearmann agus maidir le Nósanna Imeachta Bainistithe Imirce agus Tearmainn, mar aon leis an Treoir maidir le Dálaí Glactha, díritear ar líon mór beart de chuid na Comhdhála.



Níor díriodh ar 5 bheart (31%) go fóill. Tá bearnaí ann i leith na saincheisteanna seo a leanas: cóineasú dálaí oibre (41(4)); faisnéis níos fearr a sholáthar do shaoránaigh an Aontais ar an imirce (41(5)); acmhainní breise a leithdháileadh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (44(5)); cláir oiliúna do dhídeanaithe a bheith á mbunú ag na Ballstáit (45(1)) agus rochtain ar an margadh saothair a éascú d'iarthóirí tearmainn a bhfuil cáilíochtaí ábhartha acu (45(2)).

Athrú Conartha: Níor tugadh le fios gur gá athruithe a dhéanamh ar na Conarthaí i gcás aon cheann de na bearta faoi 'IMIRCE'.

Bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ar díriodh orthu vs bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa nár díriodh orthu Díriodh ar 11 bheart as 16 bheart
Níor díriodh ar 5 bheart as 16 bheart



Tionscnaimh reachtacha vs tionscnaimh neamhreachtacha
16 tionscnamh as 23 tionscnamh ina dtionscnaimh reachtacha
7 dtionscnamh as 23 tionscnamh ina dtionscnaimh neamhreachtacha



9) OIDEACHAS

‘Oideachas, cultúr, an óige agus spórt’

Obair leantach foriomlán: Cumhdaíonn ‘OIDEACHAS’ 4 thogra ina bhfuil 24 bheart: Is é an réimse a ndearnadh an obair leantach is lú ina leith é. Níor tionscnaíodh ach 25 nós imeachta, agus níor díríodh ar a lán beart go fóill, go príomha i gcás na dtí bheart chéanna. (Saincheisteanna Eorpacha don aos óg; cultúr agus malartuithe, Spórt). I gcás ina ndéantar gníomhaíocht, faoin togra maidir le hOideachas, is amhlaidh a dhéantar tionscnaimh neamhrechtacha go príomha (84 %). Dá bhrí sin, b'fhéidir mar gheall ar an mbeagán nósanna imeachta reachtacha atá ann, tá ráta críochnúcháin an-mhaith 92% ann i leith ‘OIDEACHAS’.

Bearta sonracha de chuid na Comhdhála: Beart ar leith is ea beart 46(2). Is minic a díríodh air, agus tá sé d’aidhm aige Limistéar Eorpach Oideachais cuimsitheach, ar laistigh de a mbeadh rochtain ag na saoránaigh uile ar oideachas ardcháilíochta, a bhunú faoi 2025. Díríonn sé ar chodanna don oideachas foirmiúil agus don fhoghlaim ar feadh an tsaol (e.g. oideachas sibhialta, luachanna AE agus stair AE; scileanna digiteacha, STEAM, fiontraíocht agus taighde; smaointeoireacht chriticiúil agus feasacht ar na meáin, scileanna boga, agus comhrac in aghaidh na bulaíochta agus an chiníochais; inbhuanaitheacht agus sláinte an chomhshaoil, agus ábhar éigeantach ar an mbithéagsúlacht). Cuireadh gnéithe éagsúla chun feidhme trí straitéisí neamhcheangailteacha agus uirlisí praiticiúla, e.g. an Pacáiste Soghluasteachta Tallainne; Moltaí maidir leis an oideachas digiteach, maidir le comhar Eorpach i leith an ardoideachais, agus maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuanaitheachta comhshaoil, Tairseach an Limistéir Oideachais Eorpaigh a chruthú, mar aon le sainghrúpa ar fholláine ar scoil agus ‘Bliain Eorpach na Scileanna, 2023’.

Tá an méid sin i gcodarsnacht le 11 bheart de chuid na Comhdhála nár díríodh orthu, bearta a bhaineann le trí cinn de na ceithre thogra. Ar an gcéad dul síos, *Saincheisteanna i leith na n-óg* (aois vótála 16 bliana d’aois a bheith ann do thoghcháin Eorpacha (47(2)); cuairteanna oibre i gcomhair mic léinn meánscoile (47 (3)); maoiniú don Ráthaíocht Eorpach threisithe don Aos Óg (47(4)); caighdeán mhaireachtála daoine óga, lena n-áirítear rochtain ar chosaint shóisialta agus ar thithíocht (47(6))). Ar an dara dul síos, faoi *‘Cultúr agus malartuithe’*, an t-ilteangachas a chur chun cinn, lena n-áirítear ranganna dara teanga éigeantacha (48(2)); saoire choiteann Eorpach a bheith ann an 9 Bealtaine (48(3)) agus cosaint a thabhairt, ar leibhéal AE, do ghairmithe cultúrtha (48(5)). Ar an tríú dul síos, maidir le bearta lena gcuirtear **an spórt** chun cinn mar uirlis beartais Eorpach do luachanna, do chultúr agus d’oideachas, is amhlaidh a thug na saoránaigh a n-aird orthu, ach níor cuireadh chun feidhme ach oiread iad. Áirítear leis sin béim a chur ar luachanna trí chleachtadh spóirt faoi chuimsiú an oideachais (49(1)); gníomhaíochtaí spóirt a áireamh i measc cláir mhalartaithe ar leibhéal an Aontais (49(3)); feabhas a chur ar an spórt áitiúil agus ar an spórt traidisiúnta (49(4)) agus a mholadh go ndéanfaí an fhéiniúlacht Eorpach a chur chun cinn le linn imeachtaí spóirt etc. (49(5)).

Athrú Conartha: Tá 3 bheart ann arbh fhéidir go gcaithfí leasuithe a dhéanamh ar na Conarthaí ina leith. Éilíonn beart 46(1), beart 48(2) agus beart 48(3) go mbeadh inniúlachtaí comhroinnte ann i réimse an oideachais, go mbeadh roinnt íoschaighdeáin oideachais éagsúla ann ar fud an Aontais, agus go mbeadh Lá na hEorpa ann an 9 Bealtaine, ar bearta iad go léir nár díríodh orthu go fóill. Thairis sin, baineann a lán gnéithe i dtéamaí eile, ar gá athruithe a dhéanamh ar na Conarthaí ina leith, le cláir oideachais chomhpháirteacha a bhunú, e.g. ar an mbithéagsúlacht.

Bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ar díriodh orthu vs bearta sin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa nár díriodh orthu
 Díriodh ar 13 bheart as 24 bheart
 Níor díriodh ar 11 bheart as 24 bheart

Tionscnaimh reachtacha vs tionscnaimh neamhreachtacha
 Is tionscnaimh reachtacha iad 4 thionscnamh as 25 thionscnamh
 Is tionscnaimh neamhreachtacha iad 21 thionscnamh as 25 thionscnamh

